**Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil**

**Ollscoil Mhá Nuad**

# *Scrúduithe TEG sna Scoileanna*

# Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora 2025

**Cúlra**
Is scrúduithe inniúlachta Gaeilge atá i scrúduithe Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG). Tá na scrúduithe oiriúnach dóibh siúd atá ag freastal ar ranganna nó ar chúrsaí Gaeilge nó iad siúd atá i mbun staidéar príobháideach ar an teanga. Go bunúsach, is scrúduithe iad seo a fhreastalaíonn orthu siúd ar mhaith leo cruthúnas ar a gcumas sa Ghaeilge. Tá scrúduithe TEG á ndéanamh ag daltaí i meánscoileanna timpeall na tíre le roinnt blianta anuas agus tá an t-éileamh atá ar scrúduithe TEG sna meánscoileanna ag dul i méid. Daltaí idirbhliana a bhíonn i gceist den chuid is mó.

Tá na sonraíochtaí ar a bhfuil scrúduithe TEG bunaithe ag teacht go ginearálta leis na tuairiscíní atá leagtha amach sa *Fráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha (Comhairle na hEorpa, 2001).* Moltar d'fhoghlaimeoirí méid áirithe ama a chaitheamh i mbun staidéir agus cleachtaidh ar an teanga sula dtugann siad faoi scrúdú faoi leith. Tá treoir ghinearálta sa tábla thíos faoin méid ama atá i gceist le hábhair na siollabas a chlúdach ag gach leibhéal. Moltar d'fhoghlaimeoirí ag gach leibhéal a oiread teagmhála agus is féidir a bheith acu leis an teanga.

| Leibhéal | Uaireanta an chloig foghlama a mholtar |
|---|---|
| Bonnleibhéal 1 (A1) | 80-100 |
| Bonnleibhéal 2 (A2) | + 160-200 |
| Meánleibhéal 1 (B1) | + 350-400 |
| Meánleibhéal 2 (B2) | + 500-600 |
| Ardleibhéal 1 (C1) | + 1000 |

Is féidir scrúduithe lánchreidiúna a dhéanamh chun tástáil a dhéanamh ar na scileanna teanga ar fad (labhairt, cluastuiscint, léamhthuiscint agus scríbhneoireacht) nó scrúdú páirtchreidiúna (an scrúdú cainte amháin) a dhéanamh.

**Líon na ndaltaí**
Rinne daltaí ó 20 meánscoil scrúdú de chuid TEG in 2025: sé mheánscoil atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta, deich meánscoil lán-Ghaeilge agus ceithre mheánscoil T2. Tugtar sa tábla thíos líon na ndaltaí a thug faoi scrúduithe TEG sna scoileanna in 2025. Tugtar figiúirí 2024 idir lúibíní

| Leibhéal | Páirtchreidiúint | Lánchreidiúint |
|---|---|---|
| Bonnleibhéal 2 (A2) | 69 (91) | 0 (0) |
| Meánleibhéal 1 (B1) | 131 (133) | 570 (429) |
| Meánleibhéal 2 (B2) | 0 (0) | 90 (54) |
| **Iomlán** | **860** (707) | |

Baineann na figiúirí seo thíos le líon na ndaltaí a chláraigh do na scrúduithe in 2025. Tugtar figiúirí 2024 idir lúibíní.

| Inscne | % |
|---|---|
| Cailíní | 55.2% (56.7%) |
| Buachaillí | 44.8% (43%) |

**Aiseolas ó na daltaí**

Tugtar cuireadh do na daltaí go léir aiseolas a thabhairt do Lárionad na Gaeilge faoi cibé scrúdú a rinne siad. Iarrtar ar iarrthóirí a dhéanann an scrúdú lánchreidiúna ceistneoir a líonadh agus a dtuairimí a thabhairt faoi riar an scrúdaithe agus faoi ábhar agus leagan amach an scrúdaithe. Is aiseolas fíorluachmhar é seo agus cabhraíonn sé le Lárionad na Gaeilge feabhas a chur, ar bhonn leanúnach, ar chóras scrúdaithe Theastas Eorpach na Gaeilge.

**An scrúdú**

Is mar seo a leanas a roinntear na marcanna i scrúduithe TEG:

| | Bonnleibhéal 2 (A2) | Meánleibhéal 1 (B1) | Meánleibhéal 2 (B2) |
|---|---|---|---|
| Scrúdú cainte | 35% | 30% | 25% |
| Scrúdú cluastuisceana | 25% | 25% | 25% |
| Scrúdú léamhthuisceana | 25% | 25% | 25% |
| Scrúdú scríbhneoireachta | 15% | 20% | 25% |

**An grádú**

Is é atá sa mharc deiridh a fhaigheann an t-iarrthóir i scrúduithe TEG, comhiomlán na marcanna a fhaigheann an t-iarrthóir i ngach ceann de cheithre chomhpháirt an scrúdaithe (labhairt, cluastuiscint, léamhthuiscint agus scríbhneoireacht). Ní éilítear pasmharc íosta sna comhpháirteanna féin.

Seo a leanas, sa tábla thíos, an grádú a dhéantar ar na marcanna sa scrúdú.

| Scrúduithe TEG (A1 – B2) | |
|---|---|
| 80 - 100% | Pas le gradam |
| 65 - 79% | Pas le tuillteanas |
| 50 - 64% | Pas |
| 0 - 49% | Teip |

**Na gráid a bronnadh in 2025**

Seo a leanas, sa tábla thíos, briseadh síos ar na gráid a bronnadh ar na daltaí meánscoile a rinne scrúduithe TEG i 2025.

**Meánleibhéal 2 (B2) 2025**

Lánchreidiúint. Tugtar figiúirí 2024 idir lúibíní.

| *Grád* | *Céatadán na ndaltaí* |
|---|---|
| Pas le gradam | 3% (11%) |
| Pas le tuillteanas | 30% (48%) |
| Pas | 44% (41%) |
| Teip | 22% (0%) |

**Is féidir teacht ar gach eolas maidir leis na tascanna agus leagan amach an scrúdaithe ag Meánleibhéal 2 (B2) anseo.**

***An scrúdú cluastuisceana***

*Na marcanna a bronnadh sa scrúdú cluastuisceana*

Léiríonn an tábla thíos na marcanna a ghnóthaigh daltaí sa scrúdú cluastuisceana in 2025. Tugtar figiúirí 2024 idir lúibíní.

| 2025 | |
|---|---|
| Líon daltaí a fuair 50% nó níos mó | 92% (100%) |
| Líon daltaí a fuair níos lú ná 50% | 8% (0%) |

*An scrúdú cluastuisceana - comhairle agus moltaí do mhúinteoirí*

D'éirigh go han-maith le hiarrthóirí sa scrúdú cluastuisceana. Tugtar treoir ghinearálta thíos do mhúinteoirí a bhíonn ag ullmhú daltaí don scrúdú cluastuisceana. Tá an treoir bunaithe ar na botúin is coitianta a dhéanann daltaí o bhliain go bliain agus iad i mbun na cluastuisceana.

- Níor freagraíodh roinnt ceisteanna nach raibh i gceist leo ach tic a chur i mboscaí. Chuir líon beag daltaí tic le níos mó ná bosca amháin nó níos mó ná litir amháin in aon bhosca amháin. Cailleann iarrthóirí marcanna nuair a thugann siad cúpla freagra san áit nach mbíonn ach freagra amháin ceart. Sna cásanna sin ní bhronntar aon mharc ar iarrthóirí toisc nach féidir a bheith cinnte gur tuigeadh an mhír i gceart.
- Bíonn cúig nóiméad ag iarrthóirí leis na ceisteanna sa rannóg seo a léamh sula gcuirtear an taifeadadh ar siúl. Is ceart dóibh cuimhneamh go mbeidh 50 soicind acu le Ceist 4 a léamh agus, mar sin de, moltar dóibh na cúig nóiméad a chaitheamh ag léamh Cheisteanna 1-3 agus ag cur líne faoi na focail agus na frásaí is tábhachtaí i ngach ceist.
- Ní chloiseann iarrthóirí an téacs éisteachta do Cheist 4 ach uair amháin agus bíonn orthu na bearnaí a líonadh le linn dóibh a bheith ag éisteacht leis an mhír agus ag deireadh na míre. Bíonn 50 soicind acu sula ndéantar an mhír a sheinm agus is ceart dóibh an t-am seo a chaitheamh ag léamh na n-abairtí chun go mbeidh siad in ann an t-eolas cuí a aimsiú.
- De ghnáth ní bhíonn mórán deacrachtaí ag iarrthóirí le ceisteanna ina mbíonn orthu eolas faoi leith a aimsiú nó dearcadh nó tuairimí cainteora a aithint. Bíonn fadhbanna acu uaireanta nuair a chuirtear ceist faoi rud éigin a chuirtear in iúl go hindíreach nó nuair a bhíonn orthu éirim an phíosa a thuiscint. I gceisteanna mar seo bíonn ar iarrthóirí píosaí eolais ón mír a chur le chéile agus an comhthéacs a úsáid le teacht ar an bhfreagra ceart.
- Is ceart d'iarrthóirí a gcuid freagraí a bhreacadh síos le linn dóibh a bheith ag éisteacht leis an taifeadadh. Ní thugtar am breise ag deireadh an scrúdaithe le freagraí a bhreacadh síos ná le freagraí a aistriú ón bpáipéar garbh go dtí an freagarleabhar.
- Tá stór leathan focal ag teastáil ó iarrthóirí a thugann faoin scrúdú ag an leibhéal seo. Moltar do dhaltaí éisteacht ar bhonn rialta leis na tuairiscí náisiúnta agus idirnáisiúnta ar RTÉ Raidió na Gaeltachta agus ar Nuacht TG4. D'fhéadfadh múinteoirí leas a bhaint as na cleachtaí a bhunaítear ar Nuacht TG4 agus atá le fáil ar shuíomh Lárionad na Gaeilge ag www.snas.ie.

***An scrúdú léamhthuisceana***

*Na marcanna a bronnadh sa scrúdú léamhthuisceana*
Léiríonn an tábla thíos na marcanna a ghnóthaigh daltaí sa scrúdú léamhthuisceana in 2025. Tugtar figiúirí 2024 idir lúibíní.

| 2025 | |
|---|---|
| Líon daltaí a fuair 50% nó níos mó | 58% (93%) |
| Líon daltaí a fuair níos lú ná 50% | 42% (7%) |

*An scrúdú léamhthuisceana - comhairle agus moltaí do mhúinteoirí*
Fuair níos mó ná leath de dhaltaí 50% nó níos airde sa scrúdú léamhthuisceana in 2025 ach bhí deacrachtaí áirithe ag roinnt daltaí leis na tascanna léamhthuisceana. Níor éirigh le trian de na hiarrthóirí, cuir i gcás, marc níos airde ná 40% a ghnóthú sa chuid seo. Is ceart do mhúinteoirí a bhíonn ag ullmhú daltaí don scrúdú díriú ar na pointí seo thíos. Tá an treoir seo bunaithe ar na botúin is coitianta a dhéanann daltaí o bhliain go bliain agus iad i mbun na léamhthuisceana.

- Níor freagraíodh roinnt ceisteanna nach raibh i gceist leo ach tic a chur i mboscaí. Chuir líon beag daltaí tic le níos mó ná bosca amháin nó níos mó ná litir amháin in aon bhosca amháin. I gCeist 1 agus i gCeist 3 níl le déanamh ag iarrthóirí ach litir amháin a scríobh isteach sna bearnaí. Is ceart dóibh a bheith cinnte go bhfuil an litir sin scríofa go soiléir.
- Bíonn deacrachtaí ag iarrthóirí le ceisteanna ina mbíonn orthu príomhphointí a aimsiú nó ceisteanna ina gcaitheann siad dearcadh nó tuairimí a aithint. Moltar am faoi leith a chaitheamh le tascanna den chineál seo.
- Tá sé ríthábhachtach go gcloífidh iarrthóirí leis na treoracha a théann le gach ceist. Mura ndeirtear a mhalairt is freagra amháin a theastaíonn agus ní bhronnfar aon mharc má roghnaíonn an t-iarrthóir dhá fhreagra.
- Ba cheart d'iarrthóirí atá ag ullmhú don scrúdú seo réimse leathan téacsanna agus tascanna a úsáid. Tá sé fíorthábhachtach go mbeidh eolas acu ar stór leathan focal a bhaineann le gach gné den ghnáthshaol. Féach *Meánleibhéal 2 (B2): Siollabas agus treoir d'iarrthóirí*

***An scrúdú scríbhneoireachta***
*Na marcanna sa scrúdú scríbhneoireachta*
Léiríonn an tábla thíos na marcanna a ghnóthaigh daltaí sa scrúdú scríbhneoireachta in 2025. Tugtar figiúirí 2024 idir lúibíní.

| 2025 | |
|---|---|
| Líon daltaí a fuair 50% nó níos mó | 30% (62%) |
| Líon daltaí a fuair níos lú ná 50% | 70% (38%) |

*An scrúdú scríbhneoireachta - comhairle agus moltaí do mhúinteoirí*
D'éirigh le triúr as gach deichniúr pas a fháil sa scrúdú scríbhneoireachta in 2025. Is í an rannóg seo is mó a chothaigh deacrachtaí do dhaltaí, mar sin féin. Ba cheart do mhúinteoirí a bhíonn ag ullmhú daltaí don scrúdú scríbhneoireachta díriú ar na pointí seo a leanas:

- Maidir le Ceist 1, moltar d'iarrthóirí cloí le hábhar an téacs agus leis na pointí treorach a chuirtear ar fáil dóibh. Meabhraítear dóibh go gcaithfidh siad na pointí go léir a chlúdach sna freagraí a scríobhann siad agus forbairt mhaith a dhéanamh ar na pointí sin gan píosaí fada a thógáil ón téacs féin.
- I gCeist 2 tugtar eolas do na hiarrthóirí faoin lucht léitheoireachta ar a bhfuil an píosa scríbhneoireachta dírithe. Más alt do nuachtán nó cur síos do chara ar eachtra éigin atá i gceist, mar shampla, is ceart an t-ábhar a chur in oiriúint don spriocghrúpa áirithe sin agus an réim cheart a úsáid. Tá tábhacht faoi leith ag baint leis an leagan amach ceart a bheith ar an méid a scríobhann iarrthóirí - ba cheart go mbeadh intreoir agus críoch oiriúnach ar an bpíosa agus go ndéanfaí an fhorbairt chuí ar na príomhphointí.
- Níor éirigh go rómhaith leis na daltaí sa cheist eagarthóireachta agus bhí líon beag daltaí ann nár bhac leis an gceist seo a fhreagairt.
- I gCeist 4, an cheist aistriúcháin, moltar d'iarrthóirí am a chaitheamh ag athléamh agus ag ceartú an méid a scríobh siad. Is ceart a chinntiú nach bhfuil aon fhocal ná aon chuid den abairt fágtha gan aistriú.
- Tá sé tábhachtach go ndéanfadh iarrthóirí iarracht an cumas atá acu maidir le stór focal agus struchtúr na teanga a léiriú. Ag Meánleibhéal 2 (B2) bítear ag súil go mbeidh méid áirithe éagsúlachta agus solúbthachta le feiceáil i bpíosaí scríbhneoireachta na n-iarrthóirí. Féach *Meánleibhéal 2 (B2): Siollabas agus treoir d'iarrthóirí*
- Tá níos mó feasachta agus tuisceana ag teastáil maidir le cúrsaí gramadaí go ginearálta: aimsirí an bhriathair; an séimhiú; caint indíreach; an tuiseal ginideach; an aidiacht shealbhach; an chopail; breischéim/sárchéim na haidiachta; réamhfhocail; an tuiseal gairmeach; úsáid na n-uimhreacha agus eile. Moltar do mhúinteoirí straitéisí éagsúla teagaisc a tharraingt chucu féin d'fhonn aird na ndaltaí a dhíriú ar rialacha agus ar phatrúin maidir le cúrsaí gramadaí.

***An scrúdú cainte***
*Na marcanna a bronnadh sa scrúdú cainte*
Léiríonn an tábla thíos na marcanna a ghnóthaigh daltaí sa scrúdú cainte in 2025. Tugtar figiúirí 2024 idir lúibíní.

| 2025 | |
|---|---|
| Líon daltaí a fuair 50% nó níos mó | 88% (100%) |
| Líon daltaí a fuair níos lú ná 50% | 12% (0%) |

*An scrúdú cainte - comhairle agus moltaí do mhúinteoirí*

D'éirigh go maith le hiarrthóirí sa scrúdú cainte in 2025. Tabhair faoi deara an chomhairle agus an treoir thíos maidir leis na rudaí is mó a chothaíonn deacrachtaí do dhaltaí nach n-éiríonn chomh maith sin leo sa scrúdú cainte ó bhliain go bliain.

- Ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann focail a fhuaimniú go soiléir, sothuigthe agus go mbeadh tuiscint acu ar chúrsaí béime san abairt agus ar rithim na Gaeilge. Is minic a bhíonn fadhbanna ag iarrthóirí le fuaimniú an tséimhithe agus moltar do mhúinteoirí aird faoi leith a dhíriú ar an ngné sin den fhoghraíocht.
- Ba cheart go mbeadh iarrthóirí ag an leibhéal seo in ann páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhrá ina ndéantar tuairimí a mhalartú agus a chosaint. Níor cheart go mbeadh orthu stopadh rómhinic chun smaoineamh ar fhocal. Bítear ag súil go mbíonn smacht maith acu ar na bunstruchtúir ghramadaí. Féach an Siollabas ag an leibhéal seo.
- Tá sé fíorthábhachtach go gcabhraíonn múinteoirí lena gcuid daltaí na botúin a dhéanann siad a aithint agus a cheartú chomh luath agus is féidir sa phróiseas foghlama. Seo thíos roinnt samplaí de na botúin is coitianta a dhéantar ag an leibhéal seo sa scrúdú cainte:

(1) An tuiseal ginideach: *'Bhí mé sa Fhrainc ar feadh seachtain' (…ar feadh seachtaine), '…níos mó muinín…' (…níos mó muiníne…), 'timpeall an Eoraip' (timpeall na hEorpa)*

(2) Aimsirí an bhriathair. Ag an leibhéal seo ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann an aimsir láithreach, an aimsir ghnáthláithreach, an aimsir chaite agus an aimsir fháistineach a úsáid gan aon deacracht agus go mbeidís in ann an modh coinníollach a láimhseáil go measartha maith.

(3) Na huimhreacha: '*dhá bhusanna*' (*dhá bhus*), 'dhá chairde' (beirt chairde), '*Trí*' mar fhreagra ar cheist den chineál '*Cé mhéad leabharlann atá sa cheantar*?' in ionad '*Trí leabharlann*' nó '*Trí cinn*'.

(4) An chopail: *'Tá sé sin an córas' (sin é an córas), 'tá sé fadhb mhór sa tír anois' (is fadhb mhór sa tír anois é).*

(5) Úsáid an ainmfhocail – ainmfhocal agus an t-alt, ainmfhocal agus aidiacht, agus ainmfhocal le réamhfhocal: '*na bhuntáistí* (*na buntáistí), 'an chúrsa (an cúrsa), 'suim mór' (suim mhór), 'ar an Céadaoin' (ar an gCéadaoin), ' i cathair Chorcaí' (i gcathair Chorcaí).*

(6) An chlaoninsint: *'Caithfidh mé a rá is post deacair é' (Caithfidh mé a rá gur post deacair é), 'cheap mé bhí sé suimiúil' (cheap mé go raibh sé suimiúil), 'is dócha tá …' (is dócha go bhfuil).*

(7) An t-ainm briathartha: *'na daoine óga a cabhrú' (cabhrú leis na daoine óga), 'an cheist a freagairt' (an cheist a fhreagairt), 'é sin a féachaint ar an teilifís' (é sin a fheiceáil ar an teilifís).*

**Meánleibhéal 1 (B1) 2025**

(a) Lánchreidiúint. Tugtar figiúirí 2024 idir lúibíní.

| Grád | Céatadán na ndaltaí |
|---|---|
| Pas le gradam | 24% (28%) |
| Pas le tuillteanas | 43% (45%) |
| Pas | 24% (21%) |
| Teip | 9% (6%) |

(b) Páirtchreidiúint (Scrúdú Cainte amháin). Tugtar figiúirí 2024 idir lúibíní.

| Grád | Céatadán na ndaltaí |
|---|---|
| Pas | 100% (100%) |
| Teip | 0% (0%) |

**Is féidir teacht ar gach eolas maidir leis na tascanna agus leagan amach an scrúdaithe ag Meánleibhéal 1 (B1) anseo.**

***An scrúdú cluastuisceana***

*Na marcanna a bronnadh sa scrúdú cluastuisceana*

Léiríonn an tábla thíos na marcanna a ghnóthaigh daltaí sa scrúdú cluastuisceana in 2025. Tugtar figiúirí 2024 idir lúibíní.

| 2025 | |
|---|---|
| Líon daltaí a fuair 50% nó níos mó | 96% (95%) |
| Líon daltaí a fuair níos lú ná 50% | 4% (5%) |

*An scrúdú cluastuisceana - comhairle agus moltaí do mhúinteoirí*

D'éirigh go han-mhaith le hiarrthóirí sa scrúdú cluastuisceana in 2025. Is ceart do mhúinteoirí a bhíonn ag ullmhú daltaí don scrúdú díriú ar na pointí ginearálta seo a leanas:

- Cuidíonn stór focal maith le hiarrthóirí déileáil leis an réimse leathan téacsanna éisteachta sa scrúdú.
- Bíonn claonadh ag roinnt iarrthóirí an chéad fhreagra a d'fhéadfadh a bheith ceart a scríobh síos seachas éisteacht leis an mír iomlán agus ansin freagra a thabhairt.
- Ba cheart d'iarrthóirí a gcuid freagraí a bhreacadh síos le linn dóibh a bheith ag éisteacht leis an téip. Ní thugtar am breise ag deireadh an scrúdaithe le freagraí a bhreacadh síos ná le freagraí a aistriú ón bpáipéar garbh go dtí an freagarleabhar.
- Cailleann iarrthóirí marcanna nuair a thugann siad cúpla freagra san áit nach mbíonn ach freagra amháin ceart. Sna cásanna sin ní bhronntar aon mharc ar iarrthóirí toisc nach féidir a bheith cinnte gur tuigeadh an mhír i gceart.
- Ba cheart d'iarrthóirí a bheith eolach ar na foirmeacha ceisteacha *Cén fhad? Cé leis?* agus araile.

- Níor cheart d'iarrthóirí am a chur amú ag scríobh abairtí iomlána nuair ba leor focal nó dhó nó uimhir a scríobh chun an cheist a fhreagairt.

***An scrúdú léamhthuisceana***

*Na marcanna a bronnadh sa scrúdú léamhthuisceana*

Léiríonn an tábla thíos na marcanna a ghnóthaigh daltaí sa scrúdú léamhthuisceana in 2025. Tugtar figiúirí 2024 idir lúibíní.

| 2025 | |
|---|---|
| Líon daltaí a fuair 50% nó níos mó | 73% (80%) |
| Líon daltaí a fuair níos lú ná 50% | 27% (20%) |

*An scrúdú léamhthuisceana - comhairle agus moltaí do mhúinteoirí*

Bhí dalta as gach ceathrar nár éirigh leis/léi pas a fháil sa scrúdú léamhthuisceana in 2025. Is ceart do mhúinteoirí a bhíonn ag ullmhú daltaí don scrúdú díriú ar na pointí ginearálta seo a leanas:

- Tá sé ríthábhachtach go dtógann iarrthóirí an t-am leis an téacs iomlán a léamh sula roghnaíonn siad freagra. Is minic a chailleann iarrthóirí marcanna toisc go mbreacann siad síos an chéad fhreagra a d'fhéadfadh a bheith ceart agus nach mbacann siad leis an chuid eile den phíosa a léamh.
- Moltar d'iarrthóirí na ceisteanna a léamh go cúramach agus cibé treoir a thugtar a leanúint. Is ceart freagra/ráiteas amháin a roghnú seachas dhá cheann. Ní féidir aon mharc a bhronnadh ar an iarrthóir a roghnaíonn níos mó ná freagra amháin ar cheist.
- Nuair a bhíonn ceisteanna oscailte in úsáid, mar shampla, i gCeist 2 agus i gCeist 3, ní gá d'iarrthóirí abairtí iomlána a scríobh. Go minic, is leor uimhreacha a scríobh. Is é an rud is tábhachtaí ná go dtugtar an t-eolas ceart.
- Baineann na deacrachtaí is mó a bhíonn ag iarrthóirí le ceisteanna ina n-iarrtar orthu príomhphointí a aimsiú nó tuairimí a aithint. Is ceart réimse leathan téacsanna agus tascanna léitheoireachta a chur faoi bhráid na ndaltaí a bhíonn ag ullmhú don scrúdú seo. Ba cheart go mbeadh taithí acu ar shracléamh a dhéanamh ar théacs chun brí ghinearálta an phíosa a aimsiú. Chomh maith leis sin, ba cheart go mbeidís in ann eochairfhocail a aimsiú sa téacs nó an téacs a léamh go cúramach le heolas faoi leith a fháil nó le dearcadh agus tuairimí a aithint agus a thuiscint.

***An scrúdú scríbhneoireachta***

*Na marcanna sa scrúdú scríbhneoireachta*

Léiríonn an tábla thíos na marcanna a ghnóthaigh daltaí sa scrúdú scríbhneoireachta in 2025. Tugtar figiúirí 2024 idir lúibíní.

| 2025 | |
|---|---|
| Líon daltaí a fuair 50% nó níos mó | 89% (89%) |
| Líon daltaí a fuair níos lú ná 50% | 11% (11%) |

*An scrúdú scríbhneoireachta - comhairle agus moltaí do mhúinteoirí*
Ar an iomlán, d'éirigh go maith le hiarrthóirí sa scrúdú scríbhneoireachta in 2025. Mar sin féin, bhí roinnt mhaith daltaí a raibh fadhbanna suntasacha acu sa rannóg seo. Tugtar léargas thíos ar na príomhdheacrachtaí a bhíonn ag daltaí sa rannóg seo ó bhliain go bliain. Moltar go láidir do mhúinteoirí a bhíonn ag ullmhú daltaí don scrúdú díriú ar na pointí sin.

- Má bhíonn ar iarrthóirí litir a scríobh, caithfidh tuiscint a bheith acu ar an tábhacht a bhaineann leis an leagan amach ceart a bheith uirthi. Ba cheart go mbeidís in ann tús, lár agus deireadh oiriúnach a chur ar an litir agus go mbainfidís an úsáid cheart as paragraif le heagar a chur ar a gcuid pointí.
- I gCeist 1, bíonn ar iarrthóirí téacs a léamh agus focal a scríobh i 10 mbearna. Tá sé tábhachtach gan ach ***focal amháin*** a scríobh i ngach bearna; níor cheart d'iarrthóirí roghanna a thabhairt. Chomh maith leis sin, caithfidh iarrthóirí cúram faoi leith a dhéanamh de chruinneas an fhocail a scríobhann siad.
- I gCeist 2 agus i gCeist 3 tugtar treoracha d'iarrthóirí faoin méid atá le scríobh acu agus faoi líon na bhfocal atá de dhíth. Tá sé ríthábhachtach go gcloífeadh iarrthóirí leis an ábhar agus nach rachadh siad rófhada thar an teorainn focal atá leagtha síos don cheist. Bíonn claonadh ag roinnt iarrthóirí cibé am atá fágtha acu ag deireadh an scrúdaithe a chaitheamh ag scríobh freagraí fada. Moltar go láidir dóibh gan é sin a dhéanamh. Ba cheart dóibh am a chaitheamh ag deireadh an scrúdaithe ag athléamh an méid a scríobh siad agus ag déanamh cibé obair eagarthóireachta is gá.
- Bhí deacrachtaí ag daltaí áirithe le cuid de na rialacha gramadaí ar cheart smacht a bheith acu orthu ag an leibhéal seo, mar shampla, úsáid agus aimsirí an bhriathair, an séimhiú, an síneadh fada, an t-alt agus an t-ainmfhocal.

***An scrúdú cainte***
*Na marcanna a bronnadh sa scrúdú cainte*
Léiríonn an tábla thíos na marcanna a ghnóthaigh daltaí sa scrúdú cainte in 2025. Tugtar figiúirí 2024 idir lúibíní.

(a) Daltaí a rinne lánchreidiúint:

| 2025 | |
|---|---|
| Líon daltaí a fuair 50% nó níos mó | 98% (97%) |
| Líon daltaí a fuair níos lú ná 50% | 2% (3%) |

(b) Daltaí a rinne an pháirtchreidiúint:

| *Grád* | *Céatadán na ndaltaí* |
|---|---|
| Pas | 100% (100%) |
| Teip | 0% (0%) |

*An scrúdú cainte - comhairle agus moltaí do mhúinteoirí*
D'éirigh go maith le hiarrthóirí sa scrúdú cainte in 2025. Maidir leo siúd a thug faoin scrúdú lánchreidiúna, bhí an céatadán a fuair pas sa rannóg seo mar a chéile, nach mór, le 2024. Maidir leo siúd a rinne páirtchreidiúint, ach oiread leis an mbliain seo caite, d'éirigh le 100% d'iarrthóirí pas a ghnóthú sa scrúdú cainte. Is ceart do mhúinteoirí a bhíonn ag ullmhú daltaí don scrúdú díriú ar na pointí ginearálta seo a leanas:

- Bronntar marcanna arda ar na hiarrthóirí a bhíonn in ann cumarsáid a dhéanamh leis na scrúdaitheoirí agus a gcuid freagraí ar na ceisteanna a chuirtear orthu a fhorbairt go maith. Féach ar an sampla seo thíos:
  *Scrúdaitheoir: Cad a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat?*
  *Iarrthóir (a): Imrím peil. Is maith liom peil.*
  *Iarrthóir (b): Imrím peil leis an gclub áitiúil. Bím ag traenáil ar an Luan agus ar an Aoine. Beidh cluiche againn an tseachtain seo chugainn. Tá foireann mhaith againn agus ceapaim go mbeidh an bua againn.*
  Tá iarrthóir (b) in ann an freagra ar an gceist a fhorbairt go maith i gcomparáid le hiarrthóir (a).
- Ba cheart go mbeadh stór focal na n-iarrthóirí leathan go leor chun go mbeidís in ann déileáil le ceisteanna faoi rudaí a bhaineann lena saol go ginearálta.
- Moltar d'iarrthóirí aird faoi leith a thabhairt ar an scéal ar a bhfuil an rólghníomhaíocht bunaithe (Cuid 2). Má bhaineann an scéal leis an am atá le teacht beidh freagraí an iarrthóra agus na ceisteanna a chuirfear ar an scrúdaitheoir san aimsir fháistineach.
- Ba cheart d' iarrthóirí cur síos comhleanúnach, iomlán, a dhéanamh ar an méid atá ag tarlú sa tsraith pictiúr (Cuid 3). Ba chóir go mbeidís in ann cur síos cuimsitheach a dhéanamh ar na pictiúir uile, ceann ar cheann, chomh maith le héirim na sraithe ina hiomláine a chur in iúl go soiléir mar shraith imeachtaí a bhfuil baint acu lena chéile.
- Seo thíos roinnt samplaí de na botúin is coitianta a dhéanann daltaí sa scrúdú cainte ag an leibhéal seo:

  (1) Inscne an ainmfhocail: an feadóg (an fheadóg); an am (an t-am)
  (2) Claoninsint: sílim tá/is dóigh liom bhí (sílim go bhfuil/is dóigh liom go raibh)
  (3) 'Cúpla' + uimhir uatha: cúpla cúrsaí (cúpla cúrsa)
  (4) An séimhiú: mo beirt cairde (mo bheirt chairde); an fheadóg mór (an fheadóg mhór); dhéanaim (déanaim); ní féachaim (ní fhéachaim); mo deirfiúr (mo dheirfiúr)
  (5) Úsáid agus aimsirí an bhriathair: níor fuair mé (ní bhfuair mé); bím ag imirt peile agus uaireanta beidh mé ag traenáil (...agus uaireanta bím ag traenáil)

## Bonnleibhéal 2 (A2)

Is páirtchreidiúint amháin a bhí i gceist i gcás na ndaltaí sin a thug faoi Scrúdú Bhonnleibhéal 2 (A2) in 2025. Tugtar figiúirí 2024 thíos idir lúibíní.

| *Grád* | *Céatadán na ndaltaí* |
|---|---|
| Pas | 75% (76%) |
| Teip | 25% (24%) |

**Is féidir teacht ar gach eolas maidir leis na tascanna agus leagan amach atá ar an scúdú ag Bonnleibhéal 2 (A2) anseo.**

Bhí na marcanna a ghnóthaigh na daltaí in 2025 ag teacht le céatadáin 2024. D'éirigh le trí cheathrú den ghrúpa iomlán pas a fháil sa scrúdú cainte.

*Comhairle agus moltaí do mhúinteoirí*
Is ceart do mhúinteoirí a bhíonn ag ullmhú daltaí don scrúdú díriú ar na pointí ginearálta seo a leanas:

- Ba cheart go mbeadh tascanna cainte ina gcuid lárnach den obair ullmhúcháin don scrúdú cainte. D'fhéadfadh an múinteoir tascanna a bhunú ar na tascanna san ábhar samplach atá le fáil ar shuíomh TEG.
- Bítear ag súil go mbíonn iarrthóirí ag an leibhéal seo a in ann úsáid a bhaint as abairtí agus frásaí simplí a bhaineann go dlúth lena saol féin. Is ceart dóibh an stór focal agus na struchtúir atá ar eolas acu a úsáid chun forbairt a dhéanamh ar na hábhair chainte éagsúla a thagann chun cinn sa scrúdú.
- Má iarrtar ar iarrthóirí tic a chur i mbosca amháin nó freagra amháin a roghnú sa scrúdú cluastuisceana nó sa scrúdú léamhthuisceana ní ceart dóibh ach freagra amháin a roghnú. Ní féidir marcanna a bhronnadh má dhéanann iarrthóir níos mó ná rogha amháin.
- Moltar dua a chaitheamh le múineadh agus le foghlaim na bhfoirmeacha ceisteacha sa Ghaeilge.
- Moltar do mhúinteoirí réimse leathan téacsanna agus tascanna a úsáid agus iad ag ullmhú daltaí don scrúdú léamhthuisceana. Féach an t-ábhar teagaisc samplach ar shuíomh TEG.
- Is ceart cleachtadh leanúnach a dhéanamh ar scríobh na teanga. D'fhéadfaí iarraidh ar dhaltaí foirmeacha a líonadh, teachtaireachtaí ríomhphoist a léamh agus a fhreagairt, nótaí gearra a scríobh, cuntas gearr a scríobh ar phictiúir agus araile.

**Moltaí ginearálta**

- Moltar do mhúinteoirí grinnstaidéar a dhéanamh ar an dá scrúdú shamplacha agus ar na treoracha a théann leo (gach leibhéal) ar shuíomh TEG agus le fáil anseo.

- Féach an t-ábhar samplach teagaisc chomh maith le treoracha don mhúinteoir, bileoga oibre agus comhaid fuaime. Ar ndóigh, moltar do mhúinteoirí cur leis an ábhar seo ag brath ar riachtanais agus ar réimse spéise na ndaltaí.

- Tá acmhainní foghlama agus teagaisc ann a bheadh úsáideach do mhúinteoirí atá ag ullmhú daltaí do scrúduithe Mheánleibhéal 1 (B1) agus scrúduithe Mheánleibhéal 2 (B2). Féach, mar shampla, na cleachtaí a bhunaítear ar Nuacht TG4 agus atá le fáil ar shuíomh Lárionad na Gaeilge ag https://snas.ie.

- Iarrtar ar mhúinteoirí an t-eolas agus na moltaí a thugtar ar an suíomh a léamh go cúramach. Bíonn an t-eolas is déanaí maidir le gach rud a bhaineann le hábhair agus leagan amach na scrúduithe le fáil ar www.teg.ie.